RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1975 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2021

lena n-údaraítear foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(3) An 28 Nollaig 2018, chuir an chuideachta Fair Insects BV ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair (meilte) de *Locusta migratoria* (lócaiste imirceach) a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. D'iarr an t-iarratasóir cead foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* a úsáid i bhfoirm sneaice, agus ina gcomhábhar bia i roinnt táirgí bia don phobal i gcoitinne.

(4) Ina theannta sin, d'iarr an t-iarratasóir ar an gCoimisiún go gcosnófaí sonraí dílseánaigh i gcás roinnt sonraí a cuireadh isteach mar thaca leis an iarratas, eadhon tuairisc ar an bpróiseas táirgthe ([3]), na sonraí anailíseacha maidir leis an gcomhdhéanamh ([4]), na sonraí anailíseacha maidir le héilleáin ([5]), an chobhsaíocht agus an stádas micribhith-eolaíoch, na sonraí maidir le díolachán an bhia núíosaigh ([6]), measúnacht iontógála ([7]), díleáiteacht na bpróitéiní agus Scór na nAimíonaigéad Riachtanach Indíleáite ([8]), na tástálacha intuaslagthachta agus steirilíochta a rinneadh ar *Locusta migratoria* triomaithe roimh na staidéir ghéineatocsaineachta, tástálacha a léirigh nárbh fhéidir aon tástáil a dhéanamh ar an ngéineatocsaineacht ([9]), agus staidéar cíteatocsaineachta ([10]).

(5) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") an 9 Iúil 2019, agus d'iarr air tuairim eolaíoch a thabhairt trí mheasúnú a dhéanamh ar shábháilteacht foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* mar bhia núíosach.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Fair Insects BV. 2019 (neamhfhoilsithe).

([4]) Fair Insects BV. 2019 (neamhfhoilsithe).

([5]) Fair Insects BV. 2019 (neamhfhoilsithe).

([6]) Fair Insects BV. 2018 (neamhfhoilsithe).

([7]) Fair Insects BV. 2019 (neamhfhoilsithe).

([8]) Fair Insects BV. Díleáiteacht phróitéine ó *Locusta migratoria* le linn an idirthurais tríd an tsamhail dhinimiciúil gastraistéigeach *in vitro*. Tuarascáil maidir le staidéar V21246 (neamhfhoilsithe, 2018).

([9]) Fair Insects BV. Tástáil intuaslagthachta agus steirilíochta a rinneadh ar *Locusta migratoria* triomaithe roimh na staidéir ghéineatocsaineachta (neamhfhoilsithe, 2018).

([10]) Fair Insects BV. Tocsaineacht cheallach úsc uisciúil ó *Locusta migratoria* (neamhfhoilsithe, 2018).

(6) An 25 Bealtaine 2021, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le sábháilteacht foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* mar bhia núíosach ([11]), i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(7) Sa tuairim a thug an tÚdarás chinn sé go bhfuil foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* sábháilte de réir na gcineálacha úsáide agus na leibhéal úsáide atá beartaithe. Dá bhrí sin, foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* agus iad de réir na gcoinníollacha a ndearnadh measúnú orthu, tugtar foras leordhóthanach le tuairim an Údaráis lena suí go bhfuil siad i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(8) Sa tuairim sin, chinn an tÚdarás go bhféadfadh caitheamh an bhia núíosaigh sin íogrú i leith próitéiní *Locusta migratoria* a spreagadh, rud a chinn sé de réir fianaise theoranta foilsithe maidir le hailléirgí bia a bhaineann le feithidí go ginearálta, fianaise a léirigh nasc éidimhin idir caitheamh *Locusta migratoria* agus roinnt teagmhais anaifiolacsais, sin agus de réir fianaise a léiríonn go bhfuil roinnt próitéiní i *Locusta migratoria* a d'fhéadfadh a bheith ailléirgineach. Mhol an tÚdarás freisin go ndéanfaí tuilleadh taighde maidir le hailléirgineacht *Locusta migratoria*.

(9) Chun aghaidh a thabhairt ar mholadh an Údaráis, tá an Coimisiún ag déanamh scrúdú faoi láthair ar bhealaí chun an taighde riachtanach a dhéanamh maidir le hailléirgineacht *Locusta migratoria*. Go dtí go ndéanfaidh an tÚdarás measúnú ar na sonraí a ghinfear leis an taighde, agus ós rud é, go dtí seo, nár tuairiscíodh de réir na sonraí atá ar fáil do thionscal na bhfeithidí ach líon beag cásanna d'ailléirgí arb é *Locusta migratoria* ([12]) ba chúis leo, agus ós éidimhin an fhianaise maidir leis an acmhainn ailléirgineachta atá i gcaitheamh *Locusta migratoria*, measann an Coimisiún nár cheart ceanglas lipéadaithe sonrach maidir leis an acmhainn atá in *Locusta migratoria* an t-íogrú príomha a spreagadh, nár cheart ceanglas den sórt sin a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(10) Mheas an tÚdarás freisin sa tuairim uaidh go bhféadfadh caitheamh *Locusta migratoria* i bhfoirmeacha reoite, triomaithe agus púdair a bheith ina chúis le frithghníomhuithe ailléirgeacha i gcás daoine a bhfuil ailléirge orthu le crústaigh, le moilisc agus le fíneoga. Thairis sin, thug an tÚdarás dá aire go bhféadfadh ailléirginí breise a bheith ann sa bhia núíosach sa chás go mbeadh na hailléirginí céanna sa tsubstráit lena mbeathaítear na feithidí. Dá bhrí sin, maidir le foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* a chuirtear ar fáil don tomhaltóir iontu féin agus bianna a bhfuil *Locusta migratoria* iontu, is iomchuí na táirgí sin a lipéadú go hiomchuí de réir cheanglais Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(11) Thug an tÚdarás dá aire ina thuairim gur ar roinnt sonraí a cuireadh isteach mar thaca leis an iarratas a bhunaigh sé a chonclúid maidir le sábháilteacht an bhia núíosaigh, eadhon tuairisc ar an bpróiseas táirgthe, na sonraí anailíseacha maidir leis an gcomhdhéanamh, na sonraí anailíseacha maidir le héilleáin, an chobhsaíocht agus an stádas micribhitheolaíoch, na sonraí maidir le díolachán an bhia núíosaigh, measúnacht iontógála, díleáiteacht na bpróitéiní agus Scór na nAimíonaigéad Riachtanach Indíleáite, na tástálacha intuaslagthachta agus steirilíochta ar *Locusta migratoria* triomaithe a rinneadh roimh na staidéir ghéineatocsaineachta, tástálacha a léirigh nárbh fhéidir aon tástáil a dhéanamh ar an ngéineatocsaineacht, agus staidéar cíteatocsaineachta. Thug an tÚdarás dá aire freisin nach bhféadfadh sé teacht ar an gconclúid sin gan na sonraí ó na tuarascálacha ar na staidéir atá i gcomhad an iarratasóra, tuarascálacha nár foilsíodh.

(12) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir soiléiriú breise a thabhairt maidir leis an réasúnú a cuireadh ar fáil i dtaca lena éileamh dílseánaigh ar na staidéir sin agus soiléiriú a thabhairt maidir lena éileamh ar an gceart eisiach tagairt a dhéanamh do na sonraí sin, ceart dá dtagraítear in Airteagal 26(2)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(13) Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh, tráth déanta an iarratais, ceart dílseánaigh eisiach aige tagairt a dhéanamh don tuairisc ar an bpróiseas táirgthe, do na sonraí anailíseacha maidir leis an gcomhdhéanamh, do na sonraí anailíseacha maidir le héilleáin, don chobhsaíocht agus don stádas micribhitheolaíochta, do na sonraí maidir le díolachán an bhia núíosaigh, don mheasúnacht iontógála, sonraí maidir le díleáiteacht na bpróitéiní agus Scór na nAimíonaigéad Riachtanach Indíleáite, do na tástálacha tuaslagthachta agus steirilíochta ar *Locusta migratoria* triomaithe a rinneadh roimh na staidéir ghéineatocsaineachta, tástálacha a léirigh nárbh fhéidiraon tástáil ghéineatocsaineachta a dhéanamh agus do staidéar cíteatocsaineachta, agus dá bhrí sin nach féidir le tríú páirtithe rochtain dhlíthiúil a fháil ar na staidéir sin, iad a úsáid ná tagairt a dhéanamh dóibh.

([11]) Safety of frozen and dried formulations from migratory locust (*Locusta migratoria*) as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283 [Sábháilteacht foirmlithe reoite agus triomaithe ó lócaiste imirceach (*Locusta migratoria*) mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283]; EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(7):6667.

([12]) Margaítear *Locusta migratoria* i roinnt Ballstát faoi na bearta idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dar leis an iarratasóir, tá lócaistí triomaithe agus reoite á ndíol ar mhargadh na hÍsiltíre ó 2016 i leith.

(14) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus mheas sé go raibh cruthúnas leordhóthanach tugtha aige maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá bhrí sin, na sainstaidéir ar an tuairisc ar an bpróiseas táirgthe, ar na sonraí anailíseacha maidir leis an gcomhdhéanamh, ar na sonraí anailíseacha maidir le héilleáin, ar an gcobhsaíocht agus ar an stádas micribhith-eolaíoch, ar na sonraí maidir le díolachán an bhia núíosaigh, ar an measúnacht iontógála, ar dhíleáiteacht na bpróitéiní agus Scór na nAimíonaigéad Riachtanach Indíleáite, ar na tástálacha intuaslagthachta agus steirilíochta a rinneadh ar *Locusta migratoria* triomaithe roimh na staidéir ghéineatocsaineachta, tástálacha a léirigh nárbh fhéidir aon tástáil ghéineatocsaineachta a dhéanamh, agus ar staidéar cíteatocsaineachta, sainstaidéir atá i gcomhad an iarratasóra, arb orthu a bhunaigh an tÚdarás a chonclúid maidir le sábháilteacht an bhia núíosaigh, agus nárbh fhéidir leis measúnú a dhéanamh ar an mbia núíosach dá n-uireasa, níor cheart iad a úsáid chun tairbhe aon iarratasóra ina dhiaidh sin go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá réir sin, níor cheart ach an t-iarratasóir a údarú chun foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse sin.

(15) Mar sin féin, srianadh an údaraithe i leith foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria*, sin agus srianadh an cheart tagairt a dhéanamh do na staidéir atá i gcomhad an iarratasóra ionas gur ag an iarratasóir amháin atá ag an ceart sin, ní rud é lena gcuirtear cosc ar iarratasóirí eile cur isteach ar údarú chun an bia núíosach céanna a chur ar an margadh, ar choinníoll go mbeidh a n-iarratas bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas go dlíthiúil agus atá ina taca leis an údarú sin.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria*, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar iad a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Go ceann tréimhse 5 bliana ó 5 Nollaig 2021, is é an t-iarratasóir tosaigh amháin,

Cuideachta: Fair Insects BV;

Seoladh: Industriestraat 3 5107 NC Dongen, an Ísiltír,

a bheidh údaraithe chun an bia núíosach dá dtagraítear i mír 1 a chur ar an margadh laistigh den Aontas, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh lena mbaineann gan tagairt do na sonraí atá faoi chosaint de bhun Airteagal 2 nó le comhaontú ó Fair Insects BV.

3. An iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1, áireofar inti na coinníollacha úsáide agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Na sonraí atá sa chomhad iarratais, sonraí arb ar a mbonn a rinne an tÚdarás an bia núíosach dá dtagraítear in Airteagal 1 a mheas, sonraí ar mhaígh an t-iarratasóir gur sonraí dílseánaigh iad agus nach bhféadfaí an bia núíosach a údarú dá n-uireasa, ní úsáidfear iad chun tairbhe iarratasóra ina dhiaidh sin go ceann tréimhse 5 bliana ó 5 Nollaig 2021 gan comhaontú ó Fair Insects BV.

Airteagal 3

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

"Bia núíosach údaraithe	**Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid**			**Ceanglais shonracha bhreise maidir le lipéadú**	**Ceanglais eile**	**Cosaint sonraí**
'Foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* (lócaiste imirceach)	**Catagóir shonraithe bhia**	**Uasleibhéil (g/100g) (margaithe faoi mar atá nó é athbhunaithe i gcomhréir leis na treoracha)**		1. Is é ' *Locusta migratoria* (lócaiste imirceach) reoite', '*Locusta migratoria* (lócaiste imirceach) triomaithe/púdraithe', 'Púdar *Locusta migratoria* (lócaiste imirceach) iomlán' ainmniú an bhia núíosaigh a bheidh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu, ag brath ar an bhfoirm a úsáidtear. 2. Ar lipéadú na mbia-earraí ina bhfuil foirmeacha reoite triomaithe nó púdair de *Locusta migratoria* (lócaiste imirceach), beidh ráiteas á rá go bhféadfadh an comhábhar sin a bheith ina chúis le frithghníomhuithe ailléirgeacha i gcás tomhaltóirí a bhfuil aillléirgí aitheanta orthu le crústaigh, le moilisc agus le táirgí díobh, agus le fíneoga. Beidh an ráiteas sin díreach taobh le liosta na gcomhábhar.		Údaraithe an 5.12.2021. Tá an cuimsiú sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhílseánaigh agus ar shonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283. Iarratasóir: Fair Insects BV, Industriestraat 3 5107 NC Dongen, an Ísiltír. Is é Fair Insects BV amháin atá údaraithe chun an bia núíosach a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosaigh gan tagairt don fhianaise eolaíoch dhílseánaigh nó do na sonraí eolaíocha atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó Fair Insects BV. Dáta deiridh na cosanta sonraí: 5.12.2026'
		Reoite	**Triomaithe nó Púdar**			
	Foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria*					
	Táirgí prátaí próiseáilte; miasa léagúm-bhunaithe agus táirgí pasta-bhunaithe	15	5			
	Analóga feola	80	50			
	Anraithí agus anraithí comhdhlúite	15	5			
	Léagúim agus glasraí stánaithe/i gcrúca	20	15			
	Sailéid	15	5			
	Deochanna de chineál beorach, Deochanna alcólacha measctha	2	2			
	Milseogra seacláide	30	10			
	Cnónna, síolta ola agus sicphiseánaigh		20			
	Táirgí reoite coipthe atá bunaithe ar bhainne	15	5			
	Ispíní	30	10"			

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

"Bia Núíosach Údaraithe	Sonraíochtaí

Tuairisc/Sainmhíniú:
Is é atá sa bhia núíosach na foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de lócaiste imirceach. Tagraíonn an téarma 'lócaiste imirceach' don lócaiste fásta de *Locusta migratoria*, ar speiceas feithidí é a bhaineann leis an bhfine Acrididae (fofhine Locustinae).
Tá sé beartaithe an bia núíosach a mhargú i dtrí fhoirm éagsúla, eadhon: (i) *L. migratoria* (LM reoite), atá próiseáilte go teirmeach agus reoite; (ii) *L. Migratoria* (LM triomaithe) atá próiseáilte go teirmeach agus reothriomaithe, agus (iii) *L. Migratoria* iomlán (púdar LM iomlán) atá próiseáilte go teirmeach reothriomaithe agus meilte. Féadfar an LM triomaithe a mhargú faoi mar atá nó i bpúdar.
I gcás LM reoite agus LM triomaithe, ní mór na cosa agus na sciatháin a bhaint chun an riosca iatacht stéigeach a laghdú, riosca a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr ionghabháil na gcolg mór ar thibia na feithide. Faightear an púdar LM iomlán trí mheilt mheicniúil na bhfeithide leis na cosa agus na sciatháin, agus trí chriathrú chun méid na gcáithníní a laghdú faoi bhun 1 mm.
Tá gá le tréimhse troscaidh 24 uair an chloig ar a laghad sula reoifear na feithidí chun iad a mharú, chun ligean do na lócaistí fásta an méid atá ina bputóg a fholmhú.

Paraiméadair	LM reoite	LM triomaithe	Púdar LM iomlán
Saintréithe/Comhdhéanamh			
Luaith (% meáchan/meáchan)	0,6-1,0	2,0-3,1	1,8-1,9
Taise (% meáchan/meáchan)	67-73	≤ 5	≤ 5
Garbhphróitéin (N × 6,25) (% meáchan/meáchan)	11-21	43-53	50 - 60
Saill (% meáchan/meáchan)	7-13	31-41	31-41
Aigéid shailleacha sháithithe (% saill)	35-43	35-43	35-43
Carbaihiodráití indíleáite (% meáchan/meáchan)	0,1-2,0	0,1-2,0	1,0-3,5
(*)Snáithín cothaitheach (% meáchan/meáchan)	1,5-3,5	5,5-9,0	5,5-9,0
Citin (% meáchan/meáchan)	1,7-2,4	6,4-10,4	10,5-13,9
Innéacs sárocsaíde (Meq O_2/kg saill)	≤ 5	≤ 5	≤ 5
Éilleáin			
Luaidhe (mg/kg)	≤ 0,07	≤ 0,07	≤ 0,07
Caidmiam (mg/kg)	≤ 0,05	≤ 0,05	≤ 0,05

'Foirmeacha reoite, triomaithe agus púdair de *Locusta migratoria* (lócaiste imirceach)

Aflatocsainí (Suim de B1, B2, G1, G2) (µg/kg)	≤ 4	≤ 4	≤ 4	
Aflatocsain B1 (µg/kg)	≤ 2	≤ 2	≤ 2	
Dí-ocsainiviléanól (µg/kg)	≤ 200	≤ 200	≤ 200	
Ócratocsain A (µg/kg)	≤ 1	≤ 1	≤ 1	
Suim dé-ocsainí agus PCBanna de chineál dé-ocsaine UB ((**)WHO_{2005} PCDD/F-PCB-TEQ) (pg/g saill)	≤ 1,2	≤ 1,2	≤ 1,2	
Critéir mhicribhitheolaíochta				
Áireamh coilíneachtaí aeróbacha iomlán ((***)CFU/g)	≤ 10^5	≤ 10^5	≤ 10^5	
Enterobacteriaceae (toimhde) (CFU/g)	≤ 100	≤ 100	≤ 100	
Escherichia coli (CFU/g)	≤ 50	≤ 50	≤ 50	
Listeria monocytogenes	Nár aimsíodh in 25 g	Nár aimsíodh in 25 g	Nár aimsíodh in 25 g	
Salmonella spp.	Nár aimsíodh in 25 g	Nár aimsíodh in 25 g	Nár aimsíodh in 25 g	
Bacillus cereus (toimhde) (CFU/g)	≤ 100	≤ 100	≤ 100	
Stafalacocais téachtáis-deimhneacha (CFU/g)	≤ 100	≤ 100	≤ 100	
Anaeróib a laghdaíonn an tsuilfít (CFU/g)	≤ 30	≤ 30	≤ 30	
Giostaí agus múscáin (CFU/g)	≤ 100	≤ 100	≤ 100	

(*) Ní fhéadfar citin a áireamh i snáithín cothaitheach de bharr modhanna anailíseacha éagsúla.

(**) Suim cuimse uachtair de dhébheinsi-dé-ocsain pholaclóirínithe (PCDDanna)-débheinseafúrán polaclóirínithe (PCDFanna) agus défheinilí polaclóirínithe de chineál dé-ocsaine (PCBanna) arna sloinneadh mar choibhéis thocsaineach de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (agus úsáid á baint as WHO-TEFanna ó 2005)).

(***) CFU: aonaid déanta coilíneachta".